CEARTA PAISINÉIRÍ

Mínítear sa bhileog eolais seo cearta paisinéirí san Aontas Eorpach – na rialacha comónta lena gcosnaítear daoine i mbun taisteal d'aer, d'iarnród, ar bord loinge, ar bhus agus ar chóiste ar fud an Aontais. Clúdaítear inti na croíchearta (faisnéis, cúnamh, cúiteamh agus rochtain chomhionann do phaisinéirí a bhfuil a soghluaiseacht laghdaithe) i leith gach modha iompair. Tugtar cur síos inti ar fhorbairtí reachtacha atá idir lámha, lena n-áirítear tograí maidir le turais ilmhódacha agus le forfheidhmiú, agus tugtar achoimre ar ról na Parlaiminte i múnlú agus i neartú na gcosaintí sin.

AN BUNÚS DLÍ

— Airteagal 91(1) agus Airteagal 100(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

CUSPÓIRÍ

Is é an tAontas an t-aon réigiún ar domhan ina bhfuil cosaint do phaisinéirí le cnuasach cuimsitheach cearta tráth a bhíonn siad ag taisteal d'aer, d'iarnród, ar bord loinge nó ar bhus. Tá méadú tagtha ar an taisteal san Eoraip leis na deicheanna de bhlianta anuas, agus lena linn sin, tá rialacha comhchoiteanna tugtha isteach ag an Aontas chun paisinéirí a chosaint agus chun meascán mearaí de rialacháin difriúla náisiúnta. Tá na cearta seo bunaithe ar thrí phríomhphrionsabal: cóir chothrom gan idirdhealú, faisnéis shoiléir thráthúil, agus cúnamh iomchuí nuair is gá. Féachann reachtaíocht AE maidir le cearta paisinéirí lena chinntiú go mbeidh leibhéal íosta comhchuibhithe cosanta ag paisinéirí, gan beann ar an modh iompair a úsáidtear, d'fhonn soghluaisteacht a éascú agus daoine a spreagadh le húsáid a bhaint as iompar poiblí.

TORTHAÍ

Le himeacht ama, ghlac AE corpas rialacha atá ceaptha paisinéirí a chosaint, gan beann ar an modh iompair a úsáideann siad. Baineann na rialacha sin leas as an reachtaíocht roimhe seo maidir le cosaint do thomhaltóirí[1] agus do shaoirí láneagraithe[2] agus as na coinbhinsiúin idirnáisiúnta is infheidhme[3], an Chairt um Chearta Bunúsacha agus na forálacha náisiúnta ábhartha. Mar sin féin, tá sé deacair iad a chur i bhfeidhm, agus

[1]Áirítear sna rialacha sin Treoir 93/13/CEE maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí le tomhaltóirí, Treoir 2005/29/CE maidir le cleachtais tráchtála éagóracha gnó le tomhaltóir sa mhargadh inmheánach, Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 maidir le comhar i gcosaint tomhaltóirí, agus Treoir 2011/83/AE maidir le cearta tomhaltóirí.

[2]Treoir 90/314/CEE maidir le taisteal láneagraithe, saoirí láneagraithe agus turais láneagraithe. Ón 1 Iúil 2018, tháinig treoir nua in ionad an téacs sin (lena n-áirítear na forálacha ábhartha de Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2011/83/AE), lena gcuirtear i gcuntas an ról ceannasach atá ag an idirlíon anois i dtaca le margaíocht do shaoirí láneagraithe (Treoir (AE) 2015/2302 an 25 Samhain 2015).

[3]Rinneadh na rialacha maidir le dliteanas aeriompróirí i gcás tionóiscí a thabhairt i gcomhréir leis na coinbhinsiúin idirnáisiúnta iomchuí: Coinbhinsiún Montréal maidir le haeriompar (arna thrasuí i ndlí an Aontais agus arna leathnú le Rialachán (CE) Uimh. 889/2002 chun eitiltí intíre a chumhdach); Coinbhinsiún na hAithne maidir le hiompar muirí (forálacha ábhartha arna dtrasuí i ndlí an Aontais agus arna leathnú chun iompar intíre a chumhdach le Rialachán (CE) Uimh. 392/2009); an Coinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (forálacha ábhartha arna dtrasuí i ndlí an Aontais agus arna leathnú chun iompar intíre a chumhdach le Rialachán (CE) Uimh. 1371/2007). I gcásanna nach bhfuil cumhdaithe faoi na coinbhinsiúin sin nó a dtrasuí i ndlí AE, beidh feidhm ag na forálacha náisiúnta ábhartha (iompar de bhus nó de chóiste agus iompar d'uiscebhealaí intíre).

go minic, is iad is cúis le cásanna cúirte. Tá ról ceannasach ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) maidir leis na rialacha a léirmhíniú.

Leagann na rialacha síos sraith de chearta bunúsacha is coiteann do gach modh iompair, amhail neamh-idirdhealú, cosaint speisialta do dhaoine faoi mhíchumas agus do phaisinéirí a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe[4], faisnéis don lucht taistil, comhlachtaí náisiúnta forfheidhmithe, agus socruithe chun gearáin a láimhseáil.

A. Aeriompar: an rialachán maidir le cearta paisinéirí aeir ón mbliain 2004 (Rialachán (CE) Uimh. 261/2004) agus an rialachán maidir le cearta daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaiseacht laghdaithe agus iad ag taisteal d'aer ón mbliain 2006 (Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006)

Ba é Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 ba chúis le roinnt díospóidí agus rinneadh é a shoiléiriú i sraith rialuithe[5].

I gcás nach gceadaítear do phaisinéir bordáil[6]:

— Ní mór don iompróir glao ar dhaoine a lorg atá toilteanach gan eitilt ar dtús chun a n-áirithint a thabhairt suas, a dtairgtear dóibh, mar mhalairt air sin: (i) suim airgid mar chúiteamh a dhéanfar a chaibidliú go neamhshrianta, agus (ii) an rogha idir aisíocaíocht a fháil laistigh de sheacht lá (agus, más gá, eitilt saor in aisce go dtí an túsphointe imeachta) nó go gcuirfí ar mhalairt slí iad nó leanúint ar aghaidh lena n-aistear a luaithe is féidir, nó ar dháta níos déanaí a chomhaontófar go frithpháirteach;

— Ní mór na nithe seo a leanas a thairiscint do phaisinéirí a ndiúltaítear cead bordála dóibh in aghaidh a dtola: (i) cúnamh (béile, glaonna teileafóin agus cóiríocht más gá), (ii) an rogha idir aisíocaíocht a fháil laistigh de sheacht lá (agus, más gá, eitilt saor in aisce go dtí an túsphointe imeachta) nó go gcuirfí ar mhalairt slí iad nó leanúint ar aghaidh lena n-aistear a luaithe is féidir, nó ar dháta níos déanaí a chomhaontófar go frithpháirteach, agus (iii) suim airgid réamhshocraithe mar chúiteamh a íocfar láithreach bonn mar a leanas:

Eitiltí ≤ 1 500 km	Eitiltí 1 500–3 500 km Eitiltí AE ≥ 1 500 km	Eitiltí ≥ 3 500 km
EUR 250 (EUR 125 má chuirtear ar mhalairt slí iad agus má shroicheann siad a gceann scríbe níos lú ná dhá uair an chloig déanach)	EUR 400 (EUR 200 má chuirtear ar mhalairt slí iad agus má shroicheann siad a gceann scríbe níos lú ná dhá uair an chloig déanach)	EUR 600 (EUR 300 má chuirtear ar mhalairt slí iad agus má shroicheann siad a gceann scríbe níos lú ná dhá uair an chloig déanach)

Cealú:

[4]Mar shampla, faigheann siad cúnamh iomchuí gan ceangal a bheith orthu táillí breise a íoc – ar choinníoll gur cuireadh an t-iompróir ar an eolas roimh ré.
[5]I mí an Mhárta 2013, mhol an Coimisiún gur cheart na rialacha sin a shoiléiriú (agus gur cheart go háirithe an sainmhíniú ar 'imthosca neamhghnácha' a fheabhsú) chun cur i bhfeidhm na rialacha a éascú. Tá an togra fós á phlé agus rinneadh an chéad léamh air sa Pharlaimint an 5 Feabhra 2014 (IO C 93, 24.3.2017, lch. 336). Idir an dá linn, ghlac an Coimisiún léirmhíniú ar na rialacha atá i bhfeidhm faoi láthair ar bhonn chásdlí an 10 Meitheamh 2016.
[6]Ciallaíonn 'cead bordála a dhiúltú' diúltú do phaisinéirí a iompar ar eitilt, cé go bhfuil siad i láthair le haghaidh bordála faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 3(2) Rialachán (AE) Uimh. 261/2004, ach amháin i gcás ina bhfuil forais réasúnacha do dhiúltú dóibh an eitilt a bhordáil amhail cúiseanna sláinte, sábháilteachta nó slándála, nó gan an doiciméadú taistil a bheith leormhaith.

— Cúnamh (béile, glaonna teileafóin agus cóiríocht, más gá)[7];

— Rogha idir (i) aisíocaíocht a fháil laistigh de sheacht lá (agus, más gá, eitilt saor in aisce go dtí an túsphointe imeachta) nó (ii) go gcuirfí ar mhalairt slí iad nó leanúint ar aghaidh lena n-aistear a luaithe is féidir (nó ar dháta níos déanaí a chomhaontófar go frithpháirteach);

— Cúiteamh láithreach, mar a dhéantar i gcás nach gceadaítear dóibh bordáil, mura rud é gur tugadh fógra don phaisinéir sular cuireadh an eitilt ar ceal[8] nó go bhfuil imthosca urghnácha ann[9].

Moilleanna:

Baineann na cearta paisinéirí thíos le moilleanna (i) dhá uair an chloig ar a laghad i gcás eitiltí 1 500 km nó níos giorra, (ii) trí uair an chloig i gcás eitiltí idir 1 500 agus 3 500 km, agus eitiltí in AE atá níos faide ná 1 500 km, agus (iii) ceithre uair an chloig ar a laghad i gcás eitiltí atá níos faide ná 3 500 km.

— Cúnamh (béile, glaonna teileafóin agus cóiríocht, más gá);

— I gcás moill níos faide ná trí uair an chloig, ba cheart aisíocaíocht ar chostas an ticéid laistigh de sheacht lá a thairiscint do phaisinéirí (agus, más gá, eitilt saor in aisce go dtí an túsphointe imeachta) agus cúiteamh mar a tharlaíonn i gcás cealú[10].

— Léirigh agus leathnaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an ceart ar chúiteamh chun moilleanna de thrí uair a chloig nó níos mó a chuimsiú i gcás *Sturgeon* v *Condor Flugdienst GmbH* sa bhliain 2009.

Uasghrádú/íosghrádú:

— Ní ceadmhach don iompróir íocaíocht bhreise a lorg nuair a dhéanann sé paisinéir a uasghrádú;

— I gcás ina ndéantar íosghrádú, ní mór don iompróir an paisinéir a aisíoc laistigh de sheacht lá mar a leanas: (i) 30 % de phraghas an ticéid i gcomhair eitiltí 1 500 km nó níos giorra, (ii) 50 % de phraghas an ticéid i gcomhair eitiltí idir 1 500 agus 3 500 km agus eitiltí in AE atá níos faide ná 1 500 km, agus (iii) 75 % i gcomhair eitiltí atá níos faide ná 3 500 km.

Daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe:

Ba cheart tosaíocht a thabhairt i gcónaí do bhordáil paisinéirí faoi mhíchumas agus paisinéirí a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus iad siúd atá á dtionlacan. Nuair nach gceadaítear bordáil, nó i gcás ina gcuirtear eitilt ar ceal nó i gcás ina gcuirtear moill uirthi, gan beann ar fhad na moille, ba cheart cúnamh a thairiscint dóibh i gcónaí (béilí, glaonna teileafóin agus cóiríocht, más gá).

[7]Rialaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh go bhfuil an cúnamh dlite gan beann ar na forais atá leis an gcealú, agus gan teorainn ama nó teorainn airgid ar bith seachas i gcás na gcostas arna dtabhú go hiarbhír ag an bpaisinéir.
[8]Dhá sheachtain ar a laghad roimh dháta na heitilte. Féadfar an tréimhse ama sin a ghiorrú i gcás ina gcuirtear paisinéir ar mhalairt slí.
[9]Chuir cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh srian leis sin ach amháin do chásanna *force majeure*.
[10]D'admhaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh gur féidir paisinéirí ar cuireadh moill níos mó ná trí uair an chloig ar a n-eitiltí a chur i gcomparáid le paisinéirí ar cuireadh a n-eitiltí ar ceal. D'fhoráil Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 don fhéidearthacht aisíocaíocht a fháil i gcomhair moilleanna os cionn cúig uair an chloig, agus don fhéidearthacht sin amháin.

Thíolaic an Coimisiún togra lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 i Márta 2013 d'fhonn feabhas breise a chur ar fhorfheidhmiú rialacha AE trí shoiléiriú a dhéanamh ar na príomhphrionsabail agus ar na cearta intuigthe atá ag paisinéirí arb iad is cúis le go leor díospóidí idir aerlínte agus paisinéirí. Ghlac an Pharlaimint a seasamh ar an gcéad léamh an 5 Feabhra 2014. Sa Chomhairle, cuireadh stop leis an togra maidir le cearta aerphaisinéirí in 2015 agus cuireadh bac breise ar an dul chun cinn mar gheall ar phaindéim COVID-19. An 5 Nollaig 2024, d'athsheol an Chomhairle an plé agus é mar aidhm aici cur chuige ginearálta a ghlacadh, ach chinn sí ar deireadh a seasamh ar an gcéad léamh a dhúnadh i gcomhaontú polaitiúil a formhuiníodh an 6 Meitheamh 2025. Cuireadh an téacs ón gComhairle faoi bhráid na Parlaiminte an 9 Deireadh Fómhair 2025. I ndiaidh cruinnithe tríthaobhacha neamhfhoirmeálta, agus i gcead go raibh seasaimh an dá institiúid fós i bhfad óna chéile, thug an Pharlaimint a dara léamh chun críche an 21 Eanáir 2026. Dhiúltaigh an Chomhairle do leasuithe na Parlaiminte an 24 Márta 2026. Tá an chaibidlíocht ar siúl anois faoin nós imeachta Idir-réitigh.

B. Iompar d'iarnród: an rialachán maidir le cearta agus oibleagáidí paisinéirí iarnróid ón mbliain 2021 (Rialachán (AE) 2021/782).

I bprionsabal, tá cearta paisinéirí iarnróid an Aontais infheidhme maidir le gach seirbhís iarnróid do phaisinéirí i mBallstáit uile an Aontais. Mar sin féin, féadfaidh na Ballstáit cineálacha áirithe seirbhísí a dhíolmhú ó chur i bhfeidhm na gceart sin faoi Rialachán (AE) 2021/782. D'fhéadfadh feidhm a bheith ag na heisceachtaí sin maidir le traenacha uirbeacha, fo-uirbeacha, réigiúnacha nó traenacha intíre fadachair agus traenacha a oibrítear chun críoch stairiúil nó turasóireachta amháin. Is féidir le tíortha an Aontais traenacha idirnáisiúnta atá ag taisteal óna gcríoch chuig tíortha nach bhfuil san Aontas a dhíolmhú freisin – i gcás ina ndéantar an chuid is mó den turas lasmuigh den Aontas agus ina n-áirítear stad sceidealta amháin ar a laghad i dtír nach bhfuil san Aontas. Ní féidir le tíortha an Aontais, áfach, turais iarnróid idirnáisiúnta trasteorann idir tíortha an Aontais a dhíolmhú.

Tráth a cheannaítear ticéad, ní mór don chuideachta iarnróid nó don díoltóir ticéad faisnéis shoiléir a thabhairt maidir leis an méid seo a leanas:

— Coinníollacha taistil agus aon nasc le linn an turais;

— Tráthchláir, táillí agus tairiscintí speisialta;

— Suaití nó moilleanna (am pleanáilte agus fíor-am);

— Inrochtaineacht agus saoráidí ar bord do phaisinéirí a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe;

— Seirbhísí ar bord amhail Wi-Fi, leithris agus spásanna rothar;

— Nósanna imeachta maidir le bagáiste caillte agus nósanna imeachta gearáin;

— Cearta paisinéirí, lena n-áirítear cad is cóir a dhéanamh má chuirtear traein ar ceal nó má chuirtear moill uirthi.

Le linn an turais, ní mór don oibreoir na paisinéirí a choinneáil ar an eolas faoi sheirbhísí ar bord, an chéad stáisiún eile, moilleanna agus faisnéis sábháilteachta. Má chuirtear

moill ar an traein nó má chuirtear ar ceal í, ba cheart dóibh nuashonruithe fíor-ama agus treoir shoiléir a fháil maidir lena gcearta agus maidir leis na roghanna atá ar fáil dóibh.

Ghlac an Pharlaimint an rialachán ar an dara léamh i mí Aibreáin 2021. In 2024, ghlac an Coimisiún rialachán cur chun feidhme lena bhforáiltear an rialachán ón mbliain 2021 maidir le cearta agus oibleagáidí paisinéirí iarnróid chun simpliú a dhéanamh ar an bpróiseas do phaisinéirí iarnróid le haghaidh aisíocaíocht nó cúiteamh a iarraidh trí fhoirm chaighdeánach a chruthú atá le húsáid i gcás ina gcuirtear moill ar sheirbhísí iarnróid nó ina gcuirtear ar ceal iad (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/949 ón gCoimisiún).

C. Iompar ar muir agus ar uiscebhealaí intíre: an rialachán maidir le cearta paisinéirí ag taisteal ar muir agus ar uiscebhealaí intíre ón mbliain 2010 (Rialachán (AE) Uimh. 1177/2010).

Ní féidir cearta paisinéirí atá ag taisteal ar muir nó ar uiscebhealaí intíre (i gcomhair turais atá níos faide ná 500 m, ag baint úsáid as soithí innealta a iompraíonn níos mó ná 12 phaisinéir agus triúr criú) a fhorfheidhmiú ach amháin má (i) tá an calafort bordála nó (ii) an calafort cinn scríbe suite in AE agus más iompróir AE atá i mbun na seirbhíse. Ní mór do phaisinéirí ar long chúrsála dul ar bord ag calafort in AE chun tairbhe a bhaint as na cearta sin agus ní chumhdaítear iad faoi roinnt de na forálacha maidir le moilleanna.

I gcás cealaithe nó moill ar imeacht d'os cionn 90 nóiméad, ba cheart:

— paisinéirí a chur ar an eolas faoin moill nó faoin gcealú tráth nach déanaí ná 30 nóiméad tar éis an am imeachta sceidealta;

— rogha a thairiscint do phaisinéirí idir (i) go gcuirfí ar mhalairt slí iad nó leanúint ar aghaidh lena n-aistear a luaithe is féidir, nó (ii) aisíocaíocht a fháil laistigh de sheacht lá (agus, más gá, aistear saor in aisce go dtí an túsphointe imeachta);

— cúnamh a thairiscint do phaisinéirí (ach amháin má cuireadh an paisinéir ar an eolas faoin moill sular cheannaigh siad an ticéad) lena n-áirítear béilí, más féidir, agus cóiríocht ar bord nó i dtír, más gá (tá cóiríocht i dtír teoranta do trí oíche ar a mhéad ag luach EUR 80 in aghaidh na hoíche; ní gá cóiríocht a chur ar fáil más drochaimsir is cúis leis an gcealú nó leis an moill).

Moill shuntasach ar theacht isteach:

Ba cheart cúiteamh a íoc laistigh de mhí amháin ar iarratas ón bpaisinéir (ach amháin má bhí siad ar an eolas faoin moill sular cheannaigh siad an ticéad nó más drochaimsir nó *force majeure* atá faoi deara an mhoill), mar seo a leanas:

Cúiteamh	25% de phraghas an ticéid a íocadh	50% de phraghas an ticéid a íocadh
Aistear ≤ 4 uair an chloig	Moill ≥ 1 uair an chloig	Moill ≥ 2 uair an chloig
Aistear 4 go 8 n-uair an chloig	Moill ≥ 2 uair an chloig	Moill ≥ 4 uair an chloig
Aistear 8 go 24 uair an chloig	Moill ≥ 3 uair an chloig	Moill ≥ 6 uair an chloig
Aistear ≥ 24 uair an chloig	Moill ≥ 6 uair an chloig	Moill ≥ 12 uair an chloig

Sa bhreis ar Rialachán (AE) Uimh. 1177/2010, lena leagtar amach cearta paisinéirí atá ag taisteal ar muir agus ar uiscebhealaí intíre, tá feidhm ag forálacha dlíthiúla eile freisin. Go háirithe, bunaítear le Rialachán (CE) Uimh. 392/2009 dliteanas iompróirí i gcás tionóiscí.

D. Iompar de bhus agus de chóiste: an rialachán maidir le cearta paisinéirí ag taisteal de bhus agus de chóiste ón mbliain 2011 (Rialachán (AE) Uimh. 181/2011).

Ní féidir cearta paisinéirí atá ag taisteal ar bhus nó ar chóiste a fhorfheidhmiú ina n-iomláine ach amháin ar sheirbhísí rialta níos faide ná 250 km i gcás ina dtéann na paisinéirí ar bord nó ina dtuirlingíonn siad i gcríoch Ballstáit[11].

I gcás cealaithe nó moill ar imeacht d'os cionn 120 nóiméad, ba cheart:

— paisinéirí a chur ar an eolas faoin moill nó faoin gcealú tráth nach déanaí ná 30 nóiméad tar éis an am imeachta sceidealta;

— rogha a thairiscint do phaisinéirí idir (i) go gcuirfí ar mhalairt slí iad nó leanúint ar aghaidh lena n-aistear a luaithe is féidir, nó (ii) aisíocaíocht a fháil laistigh de cheithre lá déag (agus, más gá, aistear saor in aisce go dtí an túsphointe imeachta); mura ndéanfaidh an t-iompróir an rogha sin a thairiscint don phaisinéir, caithfear aisíocaíocht a dhéanamh leis an bpaisinéir agus tá an ceart acu freisin cúiteamh arb ionann é agus 50 % de phraghas an ticéid a fháil, atá le híoc laistigh de mhí amháin;

— cúnamh a thairiscint, i gcás aistir a ghlacann breis is trí uair an chloig nó má bhíonn an tseirbhís 90 nóiméad déanach, (béilí agus cóiríocht, más gá, i gcomhair dhá oíche ar a mhéad ag luach EUR 80 in aghaidh na hoíche; ní gá cóiríocht a chur ar fáil más drochaimsir nó tubaiste nádúrtha faoi deara an cealú nó an mhoill).

E. Turais ilmhódacha: an togra ón Choimisiúin maidir le cearta paisinéirí ar thurais ilmhódacha ón mbliain 2023.

Is é is aidhm don togra ón gCoimisiún le haghaidh rialachán ar foilsíodh é an 29 Samhain 2023 comhlánú a dhéanamh ar na caighdeáin atá ann cheana maidir le cosaint do phaisinéirí atá ag taisteal d'aer, d'iarnród, ar muir agus ar uiscebhealaí intíre, chomh maith le paisinéirí seirbhísí bus agus cóiste, trína áirithiú go mbeidh an leibhéal comhchosúil cosanta ag paisinéirí agus iad ag aistriú idir na modhanna iompair sin le linn turais i dticéad aonair (e.g. eitleán-bus nó traein-bus-eitleán).

Leis an reachtaíocht atá beartaithe, tugtar aghaidh go sonrach ar shaincheisteanna a bhaineann le soláthar faisnéise, cúnamh i gcás ina gcaillfear nasc, rialacha maidir le daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a chosaint, cáilíocht seirbhíse agus láimhseáil gearán.

Mar a tugadh chun suntais i dtuarascáil 2025 ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht maidir le cearta paisinéirí ar thurais ilmhódacha, más rud é gur cheannaigh paisinéir conradh ilmhódach aonair ó oibreoir amháin, níor cheart go gciallódh aistriú idir modhanna iompair go gcaillfí cosaint in aghaidh naisc agus cúnamh a cailleadh. Má bhíonn moill taistil 60 nóiméad nó níos mó mar thoradh ar

[11]Baineann cearta áirithe le seirbhísí rialta a chlúdaíonn achar gearr (faisnéis do phaisinéirí, neamh-idirdhealú, rochtain do phaisinéirí a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe) nó le seirbhísí ócáideacha (neamh-idirdhealú, cúiteamh i gcás tionóisce nó díobháil do threalamh soghluaisteachta do phaisinéirí a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe).

nasc caillte, ba cheart béilí, sólaistí agus fanacht in óstán saor in aisce a thairiscint don phaisinéir, de réir mar is gá.

Ós rud é nach dtabharfaí cosaint iomlán ach do chonradh ilmhódach aonair, chuir an Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht isteach oibleagáid ar iompróirí agus ar idirghabhálaithe taistealaithe a chur ar an eolas, sula gceannaíonn siad ticéad, faoin gcineál ticéid atá á cheannach acu (ticéad aonair, ticéad comhcheangailte nó ticéad ilmhódach ar leithligh). Mura ndéanfaí amhlaidh, bheadh díoltóirí faoi dhliteanas i leith aisíocaíocht an ticéid agus i leith cúiteamh 75 % a thabhairt má chailleann an paisinéir nasc.

An 9 Iúil 2025, chinn an Pharlaimint dul i mbun caibidlíocht idirinstitiúideach maidir leis an togra. Tá an chaibidlíocht sin fós ar bun.

F. Athbhreithniú ar an gcreat rialála maidir le cearta paisinéirí a fhorfheidhmiú san Aontas

An 29 Samhain 2023, thíolaic an Coimisiún togra chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat rialála maidir le cearta paisinéirí a fhorfheidhmiú san Aontas agus iad ag taisteal d'aer, d'iarnród, ar muir agus ar uiscebhealaí intíre, chomh maith le hiompar de bhus agus de chóiste.

An 4 Iúil 2025, cuireadh an tuarascáil ón gCoiste síos don seisiún iomlánach agus an 9 Iúil 2025, deimhníodh cinneadh an Choiste dul i mbun caibidlíocht idirinstitiúideach sa suí iomlánach. Trí aghaidh a thabhairt ar bhearnaí forfheidhmithe, trí fheabhas a chur ar shásraí láimhseála gearán le foirm choiteann Eorpach agus trí fhreagrachtaí soiléire a áirithiú do na geallsealbhóirí uile, lena n-áirítear idirghabhálaithe, cuirfidh na bearta atá beartaithe ag an bParlaimint feabhas ar thrédhearcacht, inrochtaineacht agus cothroime do phaisinéirí. Tá an chaibidlíocht ag leanúint ar aghaidh i gcomhthráth leis an leasú ar an Rialachán um Chearta Paisinéirí Aeir (Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 1107/2006).

FREAGAIRT DO GHÉARCHÉIM COVID-19

Spreag scaipeadh COVID-19 an Coimisiún le Treoirlínte Léirmhínitheacha a ghlacadh faoi na rialacháin ó AE maidir le cearta paisinéirí i gcomhthéacs staid COVID-19 a bhí ag forbairt an 18 Márta 2020, inar mheabhraigh sé go bhfuil an ceart ag paisinéirí rogha a dhéanamh idir aisíocaíocht agus athródú. An 13 Bealtaine 2020, ghlac an Coimisiún moladh breise maidir le dearbháin a thairgtear do phaisinéirí agus do thaistealaithe mar mhalairt ar aisíocaíocht ar sheirbhísí taistil agus iompair láneagraithe a cuireadh ar ceal i gcomhthéacs phaindéim COVID-19.

Bhí sé de rún leis an 'Plean Teagmhasach Iompair' 2022 de chuid an Choimisiún, ar glacadh leis an 23 Bealtaine 2022, ceachtanna a fhoghlaim ó phaindéim COVID-19 agus na dúshláin roimh an earnáil iompair mar gheall ar chogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine a chur san áireamh. Bhí tionchar mór ag an dá ghéarchéim sin ar iompar earraí agus daoine.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Bhí an Pharlaimint ina crann taca i gcónaí do chearta paisinéirí gan beann ar an modh iompair a úsáideadh. Is é an príomhchuspóir atá aici anois ná a chinntiú go ndéanfar

na téacsanna a glacadh le blianta beaga anuas a chur i bhfeidhm go cuí. Dá bhrí sin, d'éiligh an Pharlaimint go mbeadh rialacha ann atá níos furasta a thuiscint, go ndéanfaí faisnéis shoiléir agus chruinn a sholáthar do phaisinéirí roimh a n-aistear agus lena linn, go mbeadh nósanna imeachta gearáin díreacha prasa ann, agus go ndéanfaí na rialacha atá ann cheana a fhorfheidhmiú ar bhealach níos fearr.

Tá an Pharlaimint i bhfách freisin leis na cearta atá ann cheana a fheabhsú, go háirithe maidir le téarmaí míthreoracha nó éagóracha i gconarthaí iompair, rochtain ar bhonneagar iompair do phaisinéirí a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a fheabhsú agus cearta nua a thabhairt isteach, amhail caighdeáin cháilíochta íosta nó rialacha chun cosaint a thabhairt do phaisinéirí atá ar aistir ilmhódacha. Chuirfeadh an pointe deireanach sin de cheangal ar na Ballstáit staonadh ó mhaoluithe a dhéanamh nuair a bhíonn na rialacha maidir le hiompar de bhóthar nó d'iarnród á gcur i bhfeidhm acu.

Na príomhchinntí ó Pharlaimint na hEorpa i dtaca le cearta paisinéirí:

— Rún an 25 Samhain 2009 maidir le cúiteamh do phaisinéirí i gcás féimheacht aerlíne;

— Rún an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le soghluaisteacht agus cuimsiú daoine faoi mhíchumas agus an Straitéis Eorpach um Míchumas 2010-2020;

— Rún an 29 Márta 2012 maidir le feidhmiú agus cur i bhfeidhm na gceart bunaithe do dhaoine atá ag taisteal d'aer;

— Rún an 23 Deireadh Fómhair 2012 maidir le cearta paisinéirí i ngach modh iompair;

— Seasamh an 5 Feabhra 2014 maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 lena mbunaítear comhrialacha maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil agus i gcás ina gcuirfear eitiltí ar ceal nó i gcás ina gcuirfear moill fhada orthu agus Rialachán (CE) Uimh. 2027/97 maidir le dliteanas aeriompróra i ndáil le hiompar paisinéirí agus a gcuid bagáiste d'aer;

— Rún an 7 Iúil 2015 maidir le ticéadú comhtháite ilmhódach san Eoraip a thabhairt i gcrích;

— Rún an 17 Aibreán 2020 maidir le gníomhaíocht chomhordaithe AE chun paindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí a chomhrac, inar iarr an Pharlaimint ar an gCoimisiún féachaint an raibh na Treoirlínte Léirmhínitheacha uaidh faoi na rialacháin ó AE maidir le cearta paisinéirí i gcomhthéacs staid COVID-19 a bhí ag síorathrú á gcur chun feidhme go cuí, a foilsíodh an 18 Márta 2020;

— Rún an13 Nollaig 2022 maidir leis an bplean gníomhaíochta chun borradh a chur faoi sheirbhísí fadraoin agus trasteorann iarnróid do phaisinéirí lena ndéanfaí cosaint aonfhoirmeach ar chearta paisinéirí i ngach modh iompair éagsúil.

Is í an Roinn Beartais um Iompar, um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta i bParlaimint na hEorpa a d'ullmhaigh an bhileog eolais seo. Le tuilleadh faisnéise a fháil, féach an suíomh gréasáin don Choiste um Iompar agus um Thurasóireacht.

Maja STRNAD MESKO
03/2026